**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

# Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
# TUAIRISC

## Coláiste Mhainistir na Corann
## Mainistir na Corann, Contae Chorcaí
## Uimhir Rolla: 62370J

**Dáta na cigireachta: 26 Aibreán 2013**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# TUAIRISC
# AR
# CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

---

## EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

| **Dáta na cigireachta: 26 Aibreán 2013** | |
|---|---|
| **Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu**<br>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha<br>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí<br>• Caidreamh le scoláirí | • Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith ceithre thréimhse ranga<br>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí<br>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí |

## PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith i bhformhór mór na ranganna.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis sna ranganna ar fad.
- Is inmholta é go n-áirítear cumas labhartha na scoláirí uile sna scrúduithe tí.
- Tá próifíl láidir ag an nGaeilge sa scoil in ainneoinn an líon ard scoláirí nach ndéanann staidéar foirmeálta ar an teanga.
- Tugadh suntas don dearcadh oscailte chun feabhais atá ag baill roinne.
- Tugtar faoi bpleanáil um fhorbairt ábhair le dúthracht.

## PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go gcaithfí an t-am cuí i rith ceachtanna le scoláirí a chur ag cleachtadh chruinnionramháil agus chruinnfhoghraíocht na ngnéithe nua-mhúinte den teanga.
- Moltar go mbainfí breis leasa as tascanna comhfhoghlama agus piarmheasúnaithe.

---

## RÉAMHRÁ

Is iarbhunscoil do bhuachaillí agus do chailíní é Coláiste Mhainistir na Corann a fheidhmíonn faoi choimirce Bhord Gobharnóirí Choláiste Mhainistir na Corann. Tá 350 scoláire ar an rolla. Is scoláirí cónaithe cuid díobh seo agus dá bhrí sin tá abhantrach an-leathan ag an scoil, le cuid de na scoláirí ag teacht ó thíortha thar lear. Triúr múinteoirí Gaeilge a bhí sa scoil aimsir na cigireachta agus duine díobh ag feidhmiú in áit múinteora eile a bhí ar shaoire mháithreachais. Is croí-ábhar í an Ghaeilge ar churaclam na scoile agus soláthraítear clár an Teastais Shóisearaigh, clár na hidirbhliana agus clár na hArdteistiméireachta do na scoláirí uile.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Sa chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith. Aithníodh scóip chun forbartha i gcás amháin.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis sna ranganna ar fad. Úsáideadh an sprioctheanga faoi mar ba chuí, formhór an ama, sa mhéid is go raibh an chothromaíocht chuí idir guth an mhúinteora agus guth na scoláirí. Moltar go dtapódh na múinteoirí uile oiread deiseanna agus is féidir ar scoláirí a chur ag labhairt lena chéile. Meabhraítear dóibh an fiúntas a bhaineann le tascanna comhfhoghlama agus piarmheasúnuithe chuige seo.
- Roinneadh na torthaí foghlama inmhianaithe le scoláirí ag tús na gceachtanna uile. Breathnaíodh dea-chleachtas nuair a rinneadh ath-thagairt dóibh le linn an cheachta de réir mar a baineadh amach iad.
- Is minic a cruthaíodh deiseanna ar an idirghníomhaíocht do scoláirí. Bhí rath ar leith ar an obair seo nuair a tugadh sprioc chinnte do scoláirí agus nuair a bhí réamhchleachtadh déanta leo ar na gnéithe den teanga a chleachtófaí le linn na hidirghníomhaíochta. Nuair a bhíonn tascanna comhfhoghlama idir lámha ag scoláirí, ba cheart go dtapódh na múinteoirí ar fad an deis chun monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre chomh maith le freastal a dhéanamh ar riachtanais idirdhealaithe scoláirí.
- Aithníodh gá le straitéisí a úsáid chun a chinntiú go bhfuil a gcuid comhscoláirí ag éisteacht le scoláirí a thugann aiseolas ar son grúpa nó freagra ar cheist an mhúinteora.
- Tagann sé leis an dea-chleachtas gur míníodh pointí cruinnis do scoláirí de réir mar a thángthas orthu, faoi mar a rinneadh i gcás amháin.
- Gné le forbairt is ea an difréail san fhoghlaim, go mór mór i gcás an líon suntasaigh scoláirí a thagann ó Ghaelscoileanna agus a léiríonn gá le dúshlán foghlama sa bhreis.
- Is minic a ghluais ceachtanna ag an luas cuí, go mór mhór nuair a bhí tréimhsí soiléire réamhchumarsáide, cumarsáide agus iarchumarsáide ann. Moltar do na muinteoirí uile am a chaitheamh le cleachtadh chruinnionramháil agus chruinnfhoghraíocht na ngnéithe nua-mhúinte den teanga, go mór mhór le linn thréimhse réamhchumarsáide an cheachta.
- Baineadh leas as acmhainní de chuid theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) sna ranganna uile. Breathnaíodh an cleachtas ab fhearr nuair a baineadh leas as ábhar beo a bhain le raon suime na scoláirí. Nuair a bhítear ag iarraidh tuairimíocht scoláirí a spreagadh, dá mhéad nasc is féidir a chruthú lena saol agus lena dtaithí féin is ea is fearr é.
- Tá a seomraí féin ag na múinteoirí uile agus iad maisithe go tarraingteach le hábhar tagartha agus le samplaí d’obair na scoláirí. Ba mhaith an ní leis é go raibh foclóirí agus leabhair thagartha eile ar fáil iontu.

- Den chuid ba mhó, ba léir go raibh dea-chaidreamh cothaithe idir múinteoirí agus a gcuid scoláirí. Sna cásanna seo, is minic a fáiltíodh roimh thuairimí na scoláirí agus is minic a moladh a gcuid iarrachtaí: cur chuige a thug spreagadh sa bhreis dóibh, go mór mór na scoláirí ar chumas níos ísle. Go deimhin, is fiú tuairimí na scoláirí a lorg sara dtugtar go foirmeálta faoi ábhar an cheachta toisc gur fusa ábhar a chur ina láthair nuair is féidir tógaint ar a gcuid réamheolais.
- Bhí raon tascanna déanta ina gcóipleabhair ag scoláirí agus monatóireacht rialta déanta orthu. Moltar go leagfaí amach cleachtas comónta maidir le ceartú na hoibre seo, go háirithe i gcás an aiseolais chun feabhais a thugtar do scoláirí.
- Is ábhar le moladh é go ndéantar measúnú ar chumas labhartha na scoláirí mar chuid de na scrúduithe tí. Céim an-mhaith chun tosaigh é gur thug iarrthóirí an Teastais Shóisearaigh faoin mbéaltriail roghnach den chéad uair i mbliana.

### SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Déantar soláthar maith don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile.
- Moltar go n-athbhreithneofaí an chaoi a scagtar scoláirí i ranganna agus go bhféachfaí ar an bhfiúntas a bhainfeadh le córais ilchumais nó bhandála a chur i bhfeidhm i mbliainghrúpaí éagsúla.
- Moltar an iarracht atá á déanamh ar chur le cnuasach áiseanna agus acmhainní na Roinne. Is maith an ní é go mbíonn teacht ar fhoilseacháin Ghaeilge i leabharlann na scoile agus b’fhiú go mór ábhar léitheoireachta a dhíríonn ar dhéagóirí a chur ar fáil ann chomh maith.
- Aithnítear an tábhacht a bhaineann leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus tugadh suntas d’oscailteacht na múinteoirí agus na bainistíochta chun feabhais.
- Tá moladh ag dul do na múinteoirí as an obair ar fad a dhéanann siad chun a chinntiú go bhfuil próifíl láidir ag an nGaeilge sa scoil. Is mór an tacaíocht a thugann na himeachtaí comh- agus seach-churaclaim do chur chun cinn na Gaeilge i saol na scoile trí chéile, go háirithe sa chaoi a dtugtar blaiseadh den teanga agus den chultúr do na scoláirí úd nach ndéanann staidéar foirmeálta ar an nGaeilge.

### PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Is cuid lárnach d’obair na roinne í an phleanáil um fhorbairt ábhair agus tugadh suntas don díograis a thugann múinteoirí leo chun na comhoibre seo. Thug cáipeisíocht an phlean le fios go bhfuil cothromaíocht ann sa phlé a dhéantar ar nithe atá á gclúdach ar bhonn scoile uile agus nithe a bhaineann go dlúth le foghlaim agus teagasc na Gaeilge.
- Tá léargas cuimsitheach le fáil i bplean na Gaeilge ar an obair ar fad a dhéantar chun scoláirí a chumasú sa Ghaeilge. Nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar na scéimeanna oibre éagsúla, moltar go ndéanfaí iad a leagan amach de réir topaicí agus go luafaí leis na topaicí na gnéithe den ghramadach a thagann i gceist.
- Is maith an rud é go dtugtar blaiseadh d’fhoghlaim na Gaeilge do scoláirí na hidirbhliana atá éagsúil óna dtaithí roimhe sin. B’fhearr fós é dá mbainfí den chlár na codanna a bhaineann le clár na hArdteistiméireachta.

- Déantar anailisiú ar ghnóthachtáil scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta, cleachtas atá le moladh. Agus forbairt á dhéanamh air seo, bheifí ag súil leis go soláthrófaí tráchtaireacht ar an méid a thugann an t-anailísiú seo le fios, go háirithe maidir le rátaí rannpháirtíochta ag na leibhéil éagsúla.
- Bhí ullmhúchán maith déanta ag na múinteoirí uile do na ceachtanna a breathnaíodh sa mhéid is go raibh imeachtaí an cheachta beartaithe acu. B'fhearr an cleachtas sna cásanna ina raibh acmhainní breise réitithe chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Thiocfadh sé leis an dea-chleachtas dá mbeadh cuspóir cumarsáide ag baint leis na ceachtanna uile, fiú na ceachtanna ina bhfuil plé á dhéanamh ar shaothar liteartha.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí Gaeilge. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

*Foilsithe Samhain 2013*